Gael Linn

Suirbhé ar thaithí múinteoirí atá i mbun

SCOIL SPREAGTHA

scéim Gaeilge i mbunscoileanna Béarla

Le Stiofán Carson

i gcomhar le Gael Linn

Tá Cúpla Focal Againn

Scoil Spreagtha

CLÁR AN ÁBHAIR



2. Clár an Ábhair
3. Achoimre
4. Clár na léaráidí agus na dtáblaí
5. Réamhaiste
6. Clár scaoilte na nod

1. **Intreoir**

7-8. **1.1** Foghlaim na dteangacha sa Chóras Oideachais i dTuaisceart Éireann (TE)
9-10. **1.2** Soláthar na foghlama teanga ag leibhéal na mbunscoileanna i TÉ, in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór
10. **1.3** Scéimeanna taobh amuigh den chóras oideachais
11. **1.4** Aidhmeanna

2. Modh taighde

12. **2.1** Agallamh le Séamas Mac Eochaidh, an tOifigeach Polasaí Oideachais le Gael Linn.
13. **2.2** Dearadh an cheistneora
13. **2.3** Anailís

3. Torthaí

14-15. **3.1** Cur chuige agus cúlra na scéime
16. **3.2** Líon na scoileanna a raibh an Ghaeilge á teagasc iontu sula raibh siad páirteach sa scéim agus na fáthanna ar cláraíodh na scoileanna leis an scéim
16. **3.3** Líon na ranganna a bhfuil an Ghaeilge á teagasc iontu.
17-18. **3.4** Cumas Gaeilge na múinteoirí atá i mbun na scéime.
19-20. **3.5** Barúlacha na múinteoirí maidir leis na critéir, na hacmhainní agus an tacaíocht a bhaineann le Scoil Spreagtha.
21-23 **3.6** Luach na scéime

4. An Plé

24. **4.1** Cúlra agus cur chuige na scéime.
25. **4.2** Taithí agus aiseolas na múinteoirí

26. **5. Conclúid agus moltaí**
27-29. **6. Leabharliosta**

ACHOIMRE

Is é Tuaisceart na hÉireann (TÉ) an t-aon áit sna hoileáin seo nach bhfuil deis ag páiste teanga eile a fhoghlaim ag leibhéal na bunscoile. Fágann sé sin gur i dTÉ atá an tréimhse is lú d'fhoghlaim riachtanach teangacha sa chóras oideachais san Eoraip. Cé nach bhfuil foghlaim na dteangacha mar chuid de Churaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann, cuireann scoileanna áirithe foghlaim teanga eile ar fáil.

Tá tionscadal ag Gael Linn darb ainm Scoil Spreagtha atá ag iarraidh foghlaim na Gaeilge a spreagadh i mbunscoileanna Béarla. Tá Gael Linn ag eagrú an tionscadail seo i gcomhpháirt le hOllscoil Uladh agus le Cultúrlann Uí Chanáin i nDoire. Don tuairsc seo, rinneadh fiosrúchán ar Scoil Spreagtha. Díríodh isteach ar an chur chuige agus ar an chúlra a bhaineann leis an scéim, ar an tacaíocht agus ar na hacmhainní atá ar fáil do na múinteoirí agus ar luach na scéime sna scoileanna (de réir na múinteoirí).

Rinneadh agallamh le Séamas Mac Eochaidh, Oifigeach Polasaí Oideachais le Gael Linn, agus cuireadh ceistneoir chuig gach scoil atá páirteach sa scéim le heolas a bhaineann taithí na múinteoirí a bhailiú. Tá 82 scoil páirteach sa scéim agus d'fhreagair 45 scoil an ceistneoir. Tá an Ghaeilge á teagasc i mbunús na ranganna (ó Rang 1 go Rang 7) in 77.8% de na scoileanna. Tá difear suntasach idir caighdeán Gaeilge na múinteoirí sna scoileanna difriúla. Bhí moltaí ag na múinteoirí maidir le hacmhainní, tacaíocht agus teagasc sa scéim le cur léi.

Bunaithe ar na torthaí ón tsuirbhé seo, is léir go bhfuil na múinteoirí ag iarraidh go gcuirfear an scéim ar fáil arís an bhliain seo chugainn agus moltar go gcuirfear múinteoirí ar fáil le tacaíocht phraiticiúil teagaisc a thabhairt do scoileanna, go háirithe do na scoileanna nach bhfuil múinteoirí iontu a bhfuil Gaeilge acu, agus moltar go mbeadh oiliúint do na múinteoirí úsáideach, idir oiliúint a bhaineann leis an Ghaeilge agus oiliúint ar straitéisí eile leis an Ghaeilge a theagasc agus a chur chun cinn taobh istigh agus taobh amuigh den tseomra ranga.

Tá Cúpla Focal Againn

Scoil Spreagtha

CLÁR NA LÉARÁIDÍ AGUS NA DTÁBLAÍ

Tá Cúpla Focal Againn

Scoil Spreagtha

Léaráidí

Léaráid 3.1: Líon na ranganna sna scoileanna a bhfuil an Ghaeilge á teagasc iontu. Lch 10.
Léaráid 3.2: Líon na múinteoirí sna scoileanna a bhfuil cumas Gaeilge iontu. Lch 12.
Léaráid 3.3: Fóirsteanacht na n-acmhainní. Fiafraíodh de mhúinteoirí an raibh na hacmhainní fóirsteanach. Lch 13.
Léaráid 3.4: Barúil na múinteoirí ó thaobh tacaíochta de. Lch 14.
Léaráid 3.5: Foghlaim na Gaeilge ar an scéim. Lch 15.
Léaráid 3.6: Luach na scéime sa scoil. Lch 16.
Léaráid 3.7: An gclárófar an scoil arís? Lch. 23.

Táblaí

Tábla 2.1: Ceisteanna a cuireadh ar an Oifigeach Polasaí Oideachais le Gael Linn le linn an agallaimh. Lch 6.
Tábla 3.1: Na critéir a bhaineann le Scoil Spreagtha. Lch 9.

RÉAMHAISTE

Ar an chéad dul síos, ba mhaith liom mo bhuíochas a thabhairt don Dochtúir Gearóid Ó Domagáin as an chuidiú uilig a thug sé dom le linn an tionscadail seo, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a thabhairt do Shéamas Mac Eochaidh as a chomhairle agus as a chuidiú fosta.

Cuireadh gliondar ar mo chroí agus mé ag obair ar an tionscadal seo nuair a chonaic mé an t-aiseolas luachmhar ó na múinteoirí atá i mbun Scoil Spreagtha ina scoil féin. Creidim gur chóir d'achan duine deis a bheith acu an Ghaeilge a fhoghlaim, agus tá sibh ag tabhairt na deise sin do bhur ndátaí féin agus is cinnte go rachaidh sin i bhfeidhm orthu. Molaim go spéir an obair atá idir lámha agaibh, agus tá súil agam go mbeidh na torthaí ón phíosa seo oibre úsáideach don scéim sa todhchaí.

Tá Cúpla Focal Againn

Scoil Spreagtha

CLÁR SCAOILTE NA NOD

BBC	British Broadcasting Corporation
EC	Eochairchéim
TGM	Teastas Ginearálta an Mheánoideachais (GCSE)
RA	An Ríocht Aontaithe
TÉ	Tuaisceart na hÉireann
TELT	Teachers Learning to Teach Languages

1. INTREOIR

1.1 Foghlaim na dteangacha sa Chóras Oideachais i dTuaisceart Éireann (TÉ)

Is scoileanna deontaschúnta iad an chuid is mó de na scoileanna i dTÉ. Clúdaíonn sin scoileanna rialaithe, scoileanna atá faoi chúram Chomhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil agus scoileanna deonacha gramadaí fosta. Tá scoileanna imeasctha ann a bhfuil sé mar sprioc acu go mbeidh 40% de na páistí ón chúlra Phrotastúnach, 40% ón chúlra Chaitliceach agus 20% ó chúlraí eile; tá Gaelscoileanna ann agus tá scoileanna speisialta ann a chuireann oideachas ar fáil do pháistí a bhfuil riachtanas speisialta acu. Leanann na scoileanna deontaschúnta uilig Curaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann. Tá scoileanna neamhspleácha ann fosta nach bhfaigheann maoiniú ón Stát agus níl orthu an Curaclam a leanúint (Tuaisceart Éireann Díreach, 2023).

Tá líon na scoláirí i ngaelscoileanna ag ardú agus tá thart faoi 7,000 scoláire ag freastal ar Ghaelscoileanna (Comhairle na Gaelscolaíochta, 2024). Tá 30 gaelscoil (28 mbunscoil agus 2 mheánscoil) in TÉ agus 10 n-aonad nó sruth eile atá mar chuid de scoileanna Béarla (7 mbunscoil agus 3 mheánscoil) (An Roinn Oideachais, 2024)

Taobh amuigh de na Gaelscoileanna, níl foghlaim teanga eile riachtanach ach in Eochairchéim 3 (11 bhliain – 14 bliana d'aois). Ciallaíonn seo gurb é Tuaisceart Éireann an áit a bhfuil an tréimhse is lú d'fhoghlaim riachtanach na dteangacha sa Chóras Oideachas i Mór-Roinn na hEorpa (Collen, 2023). Cé nach bhfuil sé riachtanach, bíonn bunscoileanna áirithe ag teagasc teanga eile. Mar chuid den tuairisc Language Trends Northern Ireland, cuireadh ceistneoir amach chuig bunscoileanna faoi theagasc na dteangacha agus d'fhreagair 51% de na scoileanna go raibh teanga eile á teagasc acu. Cé gur toradh dearfach atá ann, níor líon ach 10% de na scoileanna an ceistneoir, is ceart mar sin de, a bheith cáiréiseach faoi na torthaí seo (Collen, 2023).



Cé go bhfuil foghlaim teanga eile riachtanach ag Eochairchéim 3, is faoi na scoileanna féin atá na cinntí a bhaineann le líon na dteangacha a bhíonn na páistí a fhoghlaim chomh maith leis an méid ama atá ar fáil d'fhoghlaim na teanga.

Níl líon na scoláirí atá ag déanamh staidéar ar theangacha ag leibhéal TGM ná ag an A-leibhéal ag fás sna meánscoileanna Béarla (Collen, 2023). Thit líon na scoláirí a bhí ag déanamh staidéar ar an Ghaeilge 43% ó 2665 scoláire sa bhliain 2007 go 1519 scoláire sa bhliain 2021. Cé nach bhfuil líon na scoláirí atá ag déanamh staidéar ar an Ghaeilge don A-leibhéal ag laghdú, bhí 137 scoláire ag freastal ar Ghaelscoil as an 325 scoláire a bhí ag déanamh an A-leibhéil (Tennyson, 2023). Is amhlaidh an scéal faoi theangacha eile mar tháinig meath suntasach ar líon na scoláirí a bhí ag déanamh staidéar ar an Fhraincis mar ábhar TGM ó thart ar 14,000 scoláire sa bhliain 1995/6 go thart ar 4,000 sa bhliain 2021/2 (Collen, 2023).

1.2 Soláthar na foghlama teanga ag leibhéal na mbunscoileanna in TÉ, in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór

Tá fianaise ann a léiríonn go bhfuil páistí atá níos óige ná deich mbliana d'aois in ann teanga eile a fhoghlaim níos fusa ná daoine in aoisghrúpaí eile (Ghasemi agus Hashemi, 2011). Tá buntáistí eile a bhaineann le foghlaim teanga eile ag aois óg. Léirítear go gcuidíonn foghlaim teanga eile le forbairt chognaíoch agus go mbíonn na páistí níos dearfaí ó thaobh fhoghlaim na teanga eile de (Chen, S., 2022; Pan, 2023). Mar sin de, tá ciall le foghlaim teanga eile a chur ar fáil do pháistí ag an aoisghrúpa sin. Tá foghlaim teanga eile riachtanach mar chuid den Churaclam Náisiúnta Bunscoile i Sasana agus tá cur chuige 1+2 i bhfeidhm in Albain. Ciallaíonn sé sin go dtosaíonn páistí bunscoile a fhoghlaim teanga amháin i Rang 1, agus ansin, tosaíonn siad a fhoghlaim teanga eile agus iad i Rang 5. Bíonn páistí bunscoile sa Bhreatain Bheag ag foghlaim Breatnaise go héigeantach (McKendry, 2020). Chomh maith leis sin, tá foghlaim na Gaeilge riachtanach sna bunscoileanna Béarla i bPoblacht na hÉireann fosta (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2007). Ciallaíonn sé sin gurb é Tuaisceart Éireann an t-aon áit ar na hoileáin seo nach bhfuil dara teanga ar fáil ag leibhéal na bunscoile.

Bhí tionscadal ar fáil in TÉ a chuir foghlaim teangacha ar fáil i mbunscoileanna darb ainm The Primary Modern Languages Project. Cuireadh tús leis an tionscadal sa bhliain 2007, agus nuair a cuireadh críoch leis sa bhliain 2015, bhí 425 bhunscoil páirteach sa tionscadal. Ní raibh an tionscadal ar fáil ach in Eochairchéim 1 sna scoileanna. Cuireadh an bhéim ar an Spáinnis sa tionscadal seo ach mar a léiríonn McKendry, ach feictear an deacracht sa bhreis a bhaineann le ceist na Gaeilge fosta:

This author heard the following utterances from Education and Library Board officers promoting Spanish:

'French has had its chance. It's time to do something else'.
'German is too difficult for Primary'.
'The problem is Irish. If we could get rid of it'. (McKendry, 2020).

Tá ceist na Gaeilge agus cúrsaí teanga conspóideach in té, agus mar a léiríonn an sampla thuas, cuireann sé sin isteach ar dhul chun cinn na dteangacha go ginearálta. Ina ainneoin sin, bhí foghlaim na Gaeilge ar fáil in 84 mar chuid den tionscadal seo. Ní raibh ach scoil imeasctha amháin cláraithe do na ranganna Gaeilge áfach agus ní raibh aon scoil rialaithe páirteach ann (McKendry, 2020).

Síltear go gcothaíonn soláthair theagasc na dteangacha sna bunscoileanna barúlacha dearfacha ó thaobh na dteangacha de in Eochairchéim 4, ach níl próiseas aistrithe ó Eochairchéim a Dó go hEochairchéim 3 i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann ó thaobh na dteangacha de (Collen et al., 2017). Luaitear an tionscadal seo mar chuid den Northern Ireland Languages Strategy a mholann go mbeidh an tionscadal ag feidhmiú in Eochairchéim 1 agus in Eochairchéim 2 agus a mholann go mbeidh foghlaim na dteangacha mar chuid de Churaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann (Johnston, 2012) ach níor cuireadh na moltaí sin i bhfeidhm.

1.3 Scéimeanna taobh amuigh den chóras oideachais

Tá scoileanna ann a chuireann teangacha ar fáil do scoláirí bunscoile mar chuid den chlár ama scoile nó mar chuid de chumann iarscoile dá ndeoin féin, ach níl teorainn ama ná curaclam i gceist (Collen, 2023; Totten, 2024).

Maidir leis an Ghaeilge, tá cúpla scéim ann a thugann tacaíocht do scoileanna agus iad ag teagasc Gaeilge. Bhí scéim ann darb ainm Léargas a bhí lonnaithe i gCultúrlann Uí Chanáin. Cuireadh tús leis an scéim in 2011 agus bhí sí ag cur ranganna Gaeilge ar fáil do thart faoi 1,600 páiste scoile i nDoire agus ar an tSrath Bán nuair a baineadh an maoiniú in 2023. Bhain an scéim seo úsáid as teagascóirí cuartaíochta le teagasc a chur ar fáil (BBC, 2023a). Cuireann an eagraíocht Ghaeilge Turas, atá suite in oirthear Bhéal Feirste, ranganna Gaeilge ar fáil i scoileanna áitiúla fosta. Bíonn siad ag teagasc Gaeilge i scoil rialaithe agus i scoil imeasctha fosta. Cé go bhfuil an eagraíocht ag cur ranganna ar fáil do scoileanna le trí bliana anois, deir siad nach bhfuil curaclam ar fáil agus tá easpa acmhainní ar fáil atá fóirsteanach do bhunscoileanna Béarla (Carson, 2023).

Tá tionscadal eile ar an fhód anois atá ag iarraidh foghlaim na Gaeilge a spreagadh i mbunscoileanna Béarla darb ainm Scoil Spreagtha. Is é Gael Linn atá ag eagrú an tionscadail seo i gcomhpháirt le hOllscoil Uladh. Tá Gael Linn ina cheanneagraíocht Gaeilge a bhfuil dualgas aige maidir le hoideachas in earnáil an Bhéarla agus d'aosaigh, agus deiseanna úsáide do dhaltaí scoile (Foras na Gaeilge, 2024).

1.4 Aidhmeanna

Sa tionscadal seo, déantar fiosrúchán ar Scoil Spreagtha. Dírítear isteach ar na gnéithe seo a leanas den scéim:

1. an cur chuige agus an cúlra a bhaineann leis an scéim;
2. an tacaíocht agus na hacmhainní atá ar fáil; agus
3. luach na scéime sna scoileanna (de réir na múinteoirí).

Amharctar ar scéimeanna eile atá ar fáil i dtíortha eile (in Albain mar shampla), agus déantar comparáid idir na scéimeanna sin agus an scéim seo i dTuaisceart Éireann.

2. MODH TAIGHDE

2.1 Agallamh le Séamas Mac Eochaidh, an tOifigeach Polasaí Oideachais le Gael Linn.

Rinneadh agallamh le Séamas Mac Eochaidh, an tOifigeach Polasaí Oideachais le Gael Linn. Rinneadh an t-agallamh ar Microsoft Teams agus rinneadh taifeadadh air. Tá na ceisteanna a bhí mar chuid den agallamh le feiceáil i dTábla 2.1 thíos.



Tábla 2.1: Ceisteanna a cuireadh ar an Oifigeach Polasaí Oideachais le Gael Linn le linn an agallaimh	
Uimhir na ceiste	An cheist
1	Cad é an ról atá agat le Gael Linn?
2	Déan cur síos ar Scoil Spreagtha agus déan comparáid idir an scéim seo agus an scéim atá agaibh ó dheas, Gaelbhratach.
3	Cad é an tábhacht a bhaineann leis an scéim seo?
4	Cad é mar a cuireadh tús leis an scéim?
5	Cén dóigh ar chláraigh na scoileanna leis an scéim seo?
6	Cá mhéad scoil atá páirteach sa scéim agus cén cineál scoileanna atá páirteach sa scéim?
7	Cén dóigh a bhfuil an Ghaeilge á teagasc sna scoileanna atá páirteach sa scéim?
8	An bhfuil Gaeilge ag na múinteoirí atá i mbun na scéime?
9	Cén leibhéal tacaíochta atá ar fáil do na múinteoirí atá i mbun na scéime?
10	Cad é a bheadh de dhíth leis an scéim a chur chun cinn dar leat?

2.2 Dearadh an cheistneora

Rinneadh cinneadh ceistneoir a chur amach chuig múinteoir i ngach scoil atá páirteach sa scéim le haiseolas a bhailiú faoin scéim (Brown, 2001). Bunaíodh ábhar an cheistneora ar an eolas a fuarthas san agallamh leis an oifigeach Polasaí Oideachais le Gael Linn. Dearadh ar Google Forms é ionas go mbeadh sé áisiúil an ceistneoir a chur chuig gach múinteoir. Tá cóip den cheistneoir le feiceáil in Aguisín 2.

Cuireadh nasc an cheistneora chuig Séamas Mac Eochaidh agus chuir sé an nasc sin ar aghaidh chuig múinteoir i ngach scoil. Ní raibh ar mhúinteoirí a n-ainm ná ainm na scoile a thabhairt mar chuid den cheistneoir seo.

2.3 Anailís

Baineadh úsáid as Google Sheets le hanailís a dhéanamh ar thorthaí an cheistneora. Taispeántar na torthaí mar chéatadán de na scoileanna nó mar líon scoileanna.

Ní féidir anailís a dhéanamh ar na torthaí uilig a bhaineann leis an cheistneoir ná leis an agallamh mar gheall ar uasteorainn focail an mhiontráchtais. Tá cuid de na torthaí i gCaibidil a trí, agus tá na torthaí eile le feiceáil sna hAguisíní ó Aguisín 1 go hAguisín 7.

Tá Cúpla Focal Againn

Scoil Spreagtha

3. TORTHAÍ

3.1 Cur chuige agus cúlra na scéime

Thug an t-agallamh a rinneadh le Séamas Mac Eochaidh, an tOifigeach Polasaí Oideachais le Gael Linn léargas ar réasúnaíocht Scoil Spreagtha agus ar an dóigh a mbíonn an scéim ag feidhmiú. Dúirt Mac Eochaidh gur scéim phíolóta í Scoil Spreagtha atá ag díriú ar bhunscoileanna lán-Bhéarla. Chuir Mac Eochaidh in iúl gur chuir iar-phríomhoide scoile litir chuig Ollscoil Uladh ag moladh go mbeadh scéim creidiúnaithe ar fáil leis an Ghaeilge a chur chun cinn sna bunscoileanna Béarla. Cuireadh an litir ar aghaidh chuig Gael Linn mar baineann a gcuid freagrachtaí leis an Ghaeilge in Earnáil an Bhéarla.

Le linn an agallaimh, thug Mac Eochaidh le fios go ndéanann Scoil Spreagtha iarracht an Ghaeilge a spreagadh agus a chothú i dtimpeallacht na scoile. Dúirt sé go bhfuil sí cosúil le scéim eile atá ag Gael Linn darb ainm Gaelbhratach (Gaelbhratach, 2023; Rialtas na Ríochta Aontaithe agus Rialtas na hÉireann, 2020), ach léiríonn sé go bhfuil difríochtaí idir Scoil Spreagtha agus Gaelbhratach mar gheall ar na difríochtaí suntasacha atá ann idir an dá chóras oideachais ó thuaidh agus ó dheas. I measc na ndifríochtaí, níl foghlaim na Gaeilge riachtanach in TÉ ná níl Gaeilge ag formhór na múinteoirí in TÉ ach oiread.

Tá an scéim á heagrú ag Gael Linn, ag Cultúrlann Uí Chanáin agus ag Ollscoil Uladh. Tá Gael Linn i mbun chomhordú na scéime agus cuireann siad acmhainní ar fáil a thugann tacaíocht do scoileanna leis an Ghaeilge a chur chun cinn i dtimpeallacht na scoile. Cuireann Cultúrlann Uí Chanáin acmhainní ón scéim Léargas ar fáil do na scoileanna ar an scéim agus baintear úsáid as an chóras ar líne atá ag Ollscoil Uladh leis na hacmhainní a chur ar fáil do na scoileanna. Tá Roinn na Gaeilge in Ollscoil Uladh i mbun chreidiúnú na scéime fosta, agus bíonn an ollscoil ag óstáil imeachtaí ag deireadh na scoilbhliana a dhéanann ceiliúradh ar na scoileanna a bhain stádas mar Scoil Spreagtha amach.



Is scéim féinmheasúnaithe í agus tugann na scoileanna fianaise do Ghael Linn ina léiríonn siad an dóigh ar chomhlíon siad na critéir. Tá an cur chuige sin le feiceáil i dTábla 3.2 thíos.

Tábla 3.1: na critéir a bhaineann le Scoil Spreagtha	
Uimhir an chritéir	Cur síos an chritéir
1	Pobal na scoile ar an eolas faoin scéim agus ag tacú léi.
2	Feasacht teanga le tuiscint agus suim i dteangacha go ginearálta a mhúscailt, agus go háirithe sa Ghaeilge.
3	An Ghaeilge in úsáid i dtimpeallacht na scoile (mar shampla, an Ghaeilge le feiceáil, le cluinstin agus in úsáid ag gach tionól scoile).
4	Toilteanach foghlaim na teanga a chur chun cinn trí na hacmhainní Léargas atá curtha ar fáil ag EC2.
5	Toilteanach foghlaim na teanga a chur chun cinn trí amhráin agus/nó dánta ag Bonnleibhéal/EC2.
6	Scéim le bheith curtha chun cinn ar ardáin meán sóisialta agus frásaí Gaeilge in úsáid mar chuid de phostálacha scoile ar na meáin shóisialta.
7	Páirt a ghlacadh i Lá/Seachtain/Coicís na Gaeilge.

3.2 Líon na scoileanna a raibh an Ghaeilge á teagasc iontu sula raibh siad páirteach sa scéim agus na fáthanna ar cláraíodh na scoileanna leis an scéim

Cuireadh ceistneoir amach chuig achan scoil a bhí páirteach i Scoil Spreagtha agus líon 45/82 scoil (N=45 scoil) an ceistneoir. Ní raibh an Ghaeilge á teagasc in 55.6% de na scoileanna a chomhlánaigh an ceistneoir sula raibh siad páirteach sa scéim. Iarradh ar mhúinteoirí an fáth ar cláraíodh an scoil leis an scéim seo a mhíniú.

I measc na bhfreagraí, léirigh dhá scoil go raibh siad ag iarraidh go mbeadh teanga eile ar fáil do na páistí sa scoil. Léirigh naoi scoil go bhfuil siad ag iarraidh an Ghaeilge nó cultúr na Gaeilge a chur chun cinn agus léirigh trí scoil ina bhfuil sruth Gaeilge go bhfuil siad ag iarraidh an Ghaeilge a chur ar fáil i dtaobh an Bhéarla fosta.

3.3 Líon na ranganna a bhfuil an Ghaeilge á teagasc iontu.

Bhíothas ag iarraidh a fháil amach an raibh teagasc na Gaeilge fairsing sna scoileanna a bhí páirteach sa scéim nó an raibh sé teoranta do chúpla rang nó bliainghrúpa sa scoil. Léirítear i Léaráid 3.1 go bhfuil an Ghaeilge á teagasc i ngach rang in 68.9% de na scoileanna agus i mbunús na ranganna in 8.9% de na scoileanna. Mar sin de, bhí an Ghaeilge á teagasc i mbunús / i ngach rang sa chuid is mó de na scoileanna.



Léaráid 3.1: Líon na ranganna sna scoileanna a bhfuil an Ghaeilge á teagasc iontu. Fiafraíodh de mhúinteoirí mar chuid den cheistneoir cá mhéad rang sa scoil a raibh an Ghaeilge á teagasc iontu. Bhí an Ghaeilge á teagasc i ngach rang in 68.9.% de na scoileanna (31/45), i mbunús na ranganna in 8.9% de na scoileanna (4/45), i gcuid de na ranganna in 17.8% de na scoileanna (8/45) agus i rang amháin in 4.4% de na scoileanna (2/45). N=45 scoil.

3.4 Cumas Gaeilge atá sna múinteoirí atá i mbun na scéime.

Níl cumas Gaeilge riachtanach i múinteoirí agus iad páirteach sa scéim seo, ach rinneadh an cinneadh ceist a chur ar na scoileanna faoin chumas Gaeilge is airde atá sna múinteoirí i mbun na scéime. Tá múinteoir(í) a bhfuil céim sa Ghaeilge acu ag 37.8% de scoileanna atá páirteach sa scéim seo, tá múinteoir(í) a bhfuil dioplóma sa Ghaeilge acu ag 4.4% de na scoileanna, tá múinteoir(í) a bhfuil A-leibhéal sa Ghaeilge acu in 8.9% dóibh, agus tá múinteoir(í) a bhfuil TGM sa Ghaeilge ag 13.3% de na scoileanna ar an scéim. Taobh amuigh de cháilíochta foirmiúla, tá múinteoir(í) bhfuil taithí neamhfhoirmiúil acu ag 20% de na scoileanna. Níl múinteoir ar bith a bhfuil Gaeilge acu in 15.6% de na scoileanna.

Chomh maith le caighdeán na Gaeilge a bhí ag múinteoirí ar an scéim, bhíothas ag iarraidh a fháil amach faoi líon na múinteoirí a bhfuil cumas Gaeilge de chineál éigin iontu sna scoileanna fosta. Baineadh úsáid as céatadán de na múinteoirí sa chás seo ar an ábhar go bhfuil líon na múinteoirí atá páirteach sa scéim difriúil i ngach scoil, ach fágann sé sin gur féidir go mbeadh Gaeilge ag 100% de na múinteoirí i scoil muna bhfuil ach aon mhúinteoir amháin i mbun na scéime.

Bhí Gaeilge ag 100% de na múinteoirí i gceithre scoil, bhí Gaeilge ag 90% de na múinteoirí in dhá scoil agus bhí Gaeilge ag 75% de na múinteoirí i gceithre scoil, mar a fheictear i Léaráid 3.2. Bhí Gaeilge ag 50% dóibh in aon scoil déag agus bhí Gaeilge ag 25% dóibh in aon scoil déag fosta. Bhí Gaeilge ag 10% de na múinteoirí i naoi scoil agus ní raibh Gaeilge ar bith ag na múinteoirí i gceithre scoil. Ní réitíonn an figiúr seo i Léaráid 3.2 leis an fhigiúr thuas a luaigh nach bhfuil Gaeilge ar bith ag na múinteoirí in 15.6% de na scoileanna (seacht scoil).





Léaráid 3.2: Líon na múinteoirí sna scoileanna a bhfuil cumas Gaeilge iontu. Fiafraíodh de mhúinteoirí mar chuid den cheistneoir cén céatadán de na múinteoirí atá mar chuid den scéim a bhfuil cumas Gaeilge iontu. Tá cumas Gaeilge in 100% de na múinteoirí i gceithre scoil, in 90% dóibh in dhá scoil, in 75% dóibh gceithre scoil, in 50% agus in 25% dóibh in aon scoil déag, in 10% dóibh i naoi scoil, agus in 0% dóibh i gceithre scoil. N=45 scoil.

3.5 Barúil na múinteoirí maidir leis na critéir, na hacmhainní agus an tacaíocht a bhaineann le Scoil Spreagtha.

Tá critéir a bhaineann leis Scoil Spreagtha, agus tá ar na scoileanna na critéir seo a chomhlíonadh le stádas Scoil Spreagtha a bhaint amach. Cuireadh ceist faoi chritéir Scoil Spreagtha. Síleann bunús na scoileanna go bhfuil na critéir réadúil agus ní shíleann ach dhá scoil go bhfuil na critéir míréadúil.

Dúirt Mac Eochaidh le linn an agallaimh go gcuirtear acmhainní ar fáil do na scoileanna atá páirteach sa scéim seo. Dúirt 88.9% de na scoileanna go bhfuil na hacmhainní iontach fóirsteanach, dúirt 6.7% de na scoileanna go bhfuil na hacmhainní fóirsteanach go pointe áirithe, agus dúirt 4.4% de na scoileanna go dtiocfadh leo a bheith ní b'fhearr mar a fheictear i Léaráid 3.3. Díríonn Léaráid 3.4 ar bharúil na múinteoirí maidir leis an tacaíocht a fhaigheann siad ó Ghael Linn. Dúirt 77.7% de na scoileanna go bhfuil an tacaíocht a fhaightear ó Ghael Linn iontach cuidiúil nó cuidiúil ach dúirt 22.2% de na scoileanna go dtiocfadh leis an tacaíocht a bheith ní b'fhearr nó go bhfuil tuilleadh tacaíochta de dhíth.



Léaráid 3.3: Fóirsteanacht na n-acmhainní. Fiafraíodh de mhúinteoirí an raibh na hacmhainní fóirsteanach. Dúirt 55.6% de na scoileanna (25/45) go bhfuil na hacmhainní iontach fóirsteanach, dúirt 33.3% de na scoileanna (15/45) go bhfuil siad fóirsteanach, dúirt 6.7% (3/45) go bhfuil siad fóirsteanach go pointe áirithe agus dúirt 4.4% (2/45) go dtiocfadh leo a bheith ní b'fhearr. N=45 scoil.

Léaráid 3.4: Barúil na múinteoirí ó thaobh tacaíochta de. Fiafraíodh de mhúinteoirí an bhfuil an tacaíocht a fhaigheann siad ó Ghael Linn cuidiúil. Dúirt 53.3% (24/45) go bhfuil an tacaíocht iontach cuidiúil, dúirt 24.4% (11/45) go bhfuil sí cuidiúil, dúirt 13.3% (6/45) go bhfuil sí cuidiúil ach go mbeadh tuilleadh tacaíochta ní b'fhearr agus dúirt 8.9% (4/45) go bhfuil tuilleadh tacaíochta de dhíth. N=45 scoil.

Thug na múinteoirí sampla den tacaíocht a bheadh cuidiúil mar chuid den cheistneoir agus tá na freagraí in Aguisín 5. Bhí cosúlachtaí le feiceáil idir na freagraí. Bhí 6 scoil á iarraidh go gcuirfear oiliúint ar fáil do na múinteoirí agus bhí 14 scoil eile á iarraidh go mbeadh tuilleadh acmhainní ar fáil, go háirithe acmhainní a chuidíonn le foghraíocht etc. Dúirt 17 scoil go mbeadh múinteoir a thiocfadh isteach chuig an scoil cuidiúil ar an scéim seo.

3.6 Luach na scéime

Léiríonn Léaráid 3.5 go mothaíonn gach scoil go bhfuil na páistí ag foghlaim Gaeilge sna scoileanna. Chomh maith leis sin, síleann gach scoil go bhfuil an scéim luachmhar don scoil mar a léirítear i Léaráid 3.6. Is doiligh cur síos a thabhairt ar an chiall a bhaineann leis an fhocal 'luachmhar' ach tugadh spás ag deireadh an cheistneora do na múinteoirí agus léirigh cuid díobh an luach a bhaineann leis an scéim mar a fheictear in Aguisín 6.



Léaráid 3.5: Foghlaim na Gaeilge ar an scéim. Fiafraíodh de mhúinteoirí an síleann siad go bhfuil na scoláirí ag foghlaim Gaeilge. Síleann 82.2% de na scoileanna (37/45) go bhfuil na scoláirí ag foghlaim Gaeilge agus síleann 17.8% de na scoileanna (8/45) go bhfuil na scoláirí ag foghlaim Gaeilge go pointe áirithe. N=45 scoil.



Léaráid 3.6: Luach na scéime sa scoil. Fiafraíodh de mhúinteoirí 'an síleann tú go bhfuil an scéim seo luachmhar don scoil?' Dúirt 97.8% de na scoileanna (44/45) 'sílim, cinnte' agus dúirt 2.2% de na scoileanna (1/45) 'sílim go pointe'. N=45 scoil.

Tugann na múinteoirí samplaí d'úsáid na Gaeilge taobh amuigh den tseomra ranga:

> 'Tá tuismitheoirí agus pobal na scoile ag caint faoin scéim agus páistí ag teacht abhaile ag caint i ngaeilge. Nuair atá tú ag siúl timpeall na scoile, bíonn páistí ag caint i ngaeilge agus a rá maidin mhaith/dia duit/tráthnóna maith/slán srl - tá sé deas le feiceáil!' (Aguisín 6)

Cé go bhfuil acmhainní ranga curtha ar fáil mar chuid den scéim, cuireann Gael Linn acmhainní ar fáil le húsáid na Gaeilge a chothú i dtimpeallacht na scoile agus is léir go bhfuil seo éifeachtach i gcuid de na scoileanna. Is ceart a rá nach bhfuil an luach a bhaineann leis an scéim teoranta don Ghaeilge í féin nó do theangacha go ginearálta mar a luaigh múinteoir amháin:

> 'Confidence in children; many children who would find other subjects difficult have found themselves excelling. These children greet others through Irish each morning and parents have now started doing the same. Hearing the children using Irish in the playground has shown us how valuable this scheme has been!' (Aguisín 6)

Léiríonn sé seo an dea-thionchar a d'imir foghlaim na Gaeilge ar pháistí a bhíonn ag streachailt in ábhair eile agus léiríonn sé go bhfuil an Ghaeilge in úsáid idir pháistí agus thuismitheoirí agus go bhfuil sé in úsáid taobh amuigh den tseomra ranga, rud a chuidíonn go mór ó thaobh normalú teanga de.

Dúirt 93.3% de na scoileanna go gclárófar a scoil arís mar a fheictear i Léaráid 3.7. Dúirt 4.4% nach bhfuil a fhios acu agus ní dúirt ach 2.2% (scoil amháin) nach gclárófar an scoil arís. Amharcadh ar an cheistneoir a líonadh don scoil sin a dúirt nach gclárófar í leis an scéim arís, agus ní réitíonn an freagra seo leis na freagraí dearfacha eile a tugadh sa cheistneoir.



Léaráid 3.7: An gclárófar an scoil arís? Fiafraíodh de mhúinteoirí 'má bhíonn an scéim seo ar fáil an bhliain seo chugainn, an gclárófar do scoil arís?' Dúirt 93.3% de na scoileanna (42/45) go gclárófar arís, dúirt 4.4% (2/45) nach bhfuil a fhios acu agus dúirt 2.2% (scoil amháin) nach gclárófar an scoil arís. N=45 scoil.

4. AN PLÉ

4.1 Cúlra agus cur chuige na scéime.

Tugann Scoil Spreagtha tacaíocht agus aitheantas do scoileanna atá ag iarraidh an Ghaeilge a theagasc. Tá scéimeanna mar seo úsáideach le suim na bpáistí a dhíriú ar ábhair ranga (Chen, Z., 2023), agus feictear sin sna torthaí ón tsuirbhé seo. Chomh maith leis sin tá an t-aitheantas tábhachtach do na scoileanna ar an ábhar go bhfuil an scéim creidiúnaithe ag Ollscoil Uladh, mar léiríonn sé go bhfuil cur chuige teagaisc na scoile éifeachtach (Alenezi et al., 2023). Baineann an scéim seo úsáid as na hacmhainní a bhí ag Léargas agus, ar an ábhar sin, laghdaítear cuid mhaith den bhrú ar na múinteoirí a bhaineann le cruthú acmhainní do na ranganna. Chomh maith leis sin, tugann sé struchtúr do na múinteoirí agus iad ag cur ranganna ar fáil do na páistí, go speisialta ar an ábhar nach bhfuil siollabas ar fáil ó thaobh teagasc teanga eile de.

Cé go bhfuil acmhainní do cheachtanna ranganna mar chuid den scéim seo, níl sé teoranta don tseomra ranga agus iarradh ar scoileanna mar chuid de chritéir na scéime an Ghaeilge a chur chun cinn taobh amuigh den tseomra ranga agus ar na meáin shóisialta fosta. Cuireann sé seo le feiceálacht na scéime, cothaíonn sé úsáid na Gaeilge mar chuid den lá scoile agus cuireann sé le normalú na teanga fosta.

Cé go ndearnadh go leor staidéir ar theagasc na dteangacha sa tseomra ranga go traidisiúnta, tá níos mó béime anois ar an dóigh a gcuirtear teangacha chun cinn taobh amuigh den tseomra ranga ar dhóigh níos neamhfhoirmiúla agus ar dhóigh spraíúil (Reinders agus Benson, 2017; Bavi, 2018) .

Tá Scoil Spreagtha difriúil leis na scéimeanna eile a bhí in TÉ (Léargas agus The Primary Modern Languages Project) sa dóigh nach dtagann múinteoir isteach le teagasc a dhéanamh, ach tá sé cosúil leis an dóigh a dteagasctar teangacha eile in Éirinn agus in Albain mar bíonn na múinteoirí féin i mbun na ranganna (Christie et al., 2016; O'Toole, 2023). Tá 82 scoil cláraithe leis an scéim i mbliana agus léirigh 131 scoil suim ina bheith páirteach sa bhliain acadúil 2024/5 (Scoil Spreagtha, 2024). Mar a fheictear i gCaibidil 3.1, ní raibh an Ghaeilge á teagasc in 55.6% de na scoileanna sula raibh siad páirteach sa scéim seo, agus ar ndóigh, tá deacrachtaí praiticiúla leis seo agus pléifear iad sin thíos.

4.2 Taithí agus aiseolas na múinteoirí

Mar a fheictear i gCaibidil 3.1, tá dualgais ar na múinteoirí atá páirteach sa scéim an Ghaeilge a theagasc, fianaise a bhailiú agus an fhianaise sin a uaslódáil mar chuid den scéim seo. Tá meascán de scoileanna ann agus tá múinteoirí ar an scéim a bhfuil Gaeilge mhaith acu agus múinteoirí ann nach bhfuil Gaeilge acu. Mar a léirítear i gCaibidil 3.4, beidh riachtanais dhifriúla ag scoileanna difriúla.

Díríodh an suirbhé seo ar thaithí na múinteoirí maidir le critéir na scéime, acmhainní agus tacaíocht na scéime agus heispéireas na bpáistí, ach ní dhearnadh anailís ar na straitéisí teagaisc atá in úsáid ag na múinteoirí. Bheadh an t-eolas seo a bhaineann le dea-chleachtas theagasc na dteangacha iontach úsáideach le cur leis an scéim. Chomh maith leis sin, tá an t-eolas is féidir a fháil ó cheistneoir teoranta, agus mar gheall air sin, bheadh sé maith cuireadh a thabhairt do mhúinteoirí a bheith páirteach in agallaimh le plé a dhéanamh ar na pointí a rinneadh sa cheistneoir.

Cé go raibh bunús na múinteoirí sásta leis na hacmhainní atá ar fáil, mar a fheictear i gCaibidil 3.4, chuir 17 múinteoir in iúl go mbeadh tacaíocht teagaisc, cosúil leis an scéim Léargas a chuir múinteoirí ar fáil i mbunscoileanna (BBC, 2023b) úsáideach. Léirigh 6 scoil go mbeadh oiliúint úsáideach, agus tá scéimeanna ann i dtíortha eile (i.e. Albain) a chuireann oiliúint ar fáil do mhúinteoirí ionas gur féidir leo teangacha a theagasc sa tseomra teanga. Tá cúrsa ar fáil mar chuid de The Open University Scotland darb ainm Teachers learning to Teach Languages (TELT) (The Open University Scotland, 2024). Thiocfadh le cur chuige mar sin a bheith úsáideach do na múinteoirí ar an ábhar go mbeadh siad in ann foghlaim faoin dóigh le húsáid a bhaint as na hacmhainní sa tseomra ranga agus faoin dóigh leis an Ghaeilge a thabhairt isteach i ngnáthshaol na scoile.



5. CONCLÚID AGUS MOLTAÍ

Is léir ón tsuirbhé seo go mothaíonn na múinteoirí gur scéim luachmhar atá inti agus go bhfuil na páistí ag foghlaim Gaeilge. Tá 82 scoil agus 14,785 scoláire cláraithe leis an scéim seo. Seo an t-aon scéim in TÉ a thugann tacaíocht do mhúinteoirí an Ghaeilge a theagasc sa tseomra ranga agus tá dúshláin a bhaineann leis sin ar ndóigh.

Ní raibh Gaeilge de dhíth ar na múinteoirí a bhí páirteach sa scéim seo agus tá difear suntasach idir caighdeán Gaeilge na múinteoirí sna scoileanna difriúla. Bhí moltaí ag na múinteoirí maidir le hacmhainní, tacaíocht agus teagasc le cur leis an scéim.

Tá an suirbhé seo teoranta ar chúpla cúis. Níor díríodh isteach ar an mhodh teagaisc mar chuid den tsuirbhé ná ní dhearnadh agallamh leis na páistí atá ag foghlaim na Gaeilge ar an scéim. Dá mbeadh taighde eile á dhéanamh ar an scéim seo, chuirfeadh eolas a bhaineann leis na hábhair seo go mór lenár dtuiscint uirthi.

Moltaí ón tsuirbhé

Tá na moltaí ar fáil anseo bunaithe ar fhianaise an tsuirbhé seo.

1. Léiríonn torthaí an tsuirbhé seo gur éirigh leis an scéim seo scéim creidiúnaithe Gaeilge a chur isteach i mbreis is ochtó scoil agus moltar go leantar ar aghaidh leis an scéim seo bunaithe ar aiseolas dearfach na múinteoirí.

2. Bunaithe ar aiseolas na múinteoirí agus ar an eolas a thug siad maidir le caighdeán Gaeilge na múinteoirí, moltar go gcuirfear múinteoirí ar fáil le tacaíocht phraiticiúil teagaisc a thabhairt do scoileanna, go háirithe dóibh siúd nach bhfuil múinteoirí iontu a bhfuil Gaeilge acu. Bheadh idir oiliúint a bhaineann leis an Ghaeilge agus oiliúint ar straitéisí eile leis an Ghaeilge a theagasc agus a chur chun cinn taobh istigh agus taobh amuigh den tseomra ranga úsáideach fosta.

3. Níl teagasc na teanga eile mar chuid de Churaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann agus mar sin de beidh níos mó taighde le déanamh ar thaithí na múinteoirí agus ar thaithí na bpáistí féin leis an scéim seo a fhorbairt agus dea-chleachtas theagasc teanga eile a aithint.

6. LEABHARLIOSTA

Alenezi, S., Al-Eadhy, A., Barasain, R., AlWakeel, T.S., AlEidan, A. agus Abohumid, H.N. (2023) Impact of external accreditation on students' performance: Insights from a full accreditation cycle. *Heliyon*, 9 (5), e15815.

An Roinn Oideachais (2024) *Irish-medium schools*. Ar fáil ag: https://www.education-ni.gov.uk/articles/irish-medium-schools [osclaíodh 16 Aib. 2024].

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007) *Irish in the Primary School.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Bavi, F. (2018) The Effect of Using Fun Activities on Learning Vocabulary at the Elementary Level. *Journal of Language Teaching and Research*, 9 (3), 629–39.

BBC (2023a) *Irish language school programme Leargas loses funding*. Ar fáil ag: https://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-65396434 [osclaíodh 14 Aib. 2024].

BBC (2023b) *Irish language school programme Leargas loses funding.* [osclaíodh 14 Aib. 2024].

Brown, J.D. (2001) *Using Surveys in Language Programs*. Cambridge: Cambridge University Press.

Carson, S. (2023) *Teachtaireacht phríobháideach – comhrá le Linda Ervine faoi theagasc na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla in oirthear Bhéal Feirste*.

Chen, S., Zhao, J., de Ruiter, L., Zhou, J. agus Huang, J. (2022) A burden or a boost: The impact of early childhood English learning experience on lower elementary English and Chinese achievement. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 25 (4), 1212–1229.

Chen, Z. (2023) The Influence of School's Reward Systems on Students' Development. *Journal of Education, Humanities and Social Sciences*, 8, 1822–1827.

Christie, J., Robertson, B., Stodter, J. agus O'Hanlon, F. (2016) *A Review of Progress in Implementing the 1+2 Language Policy*. Albain: Associated of Directors of Education in Scotland. Ar fáil ag: https://www.gov.scot/binaries/content/documents/govscot/publications/corporate-report/2016/06/1-2-language-policy-progress-review/documents/1-plus-2-language-policy-progress-review-pdf/1-plus-2-language-policy-progress-review-pdf/govscot%3Adocument/1%2Bplus%2B2%2BLanguage%2BPolicy%2Bprogress%2Breview.pdf [Osclaíodh 10 Beal. 2023].

Collen, I., (2023) *Language Trends Northern Ireland 2023.* Béal Feirste: British Council Northern Ireland.

Collen, I., McKendry, E. agus Henderson, L. (2017) The transition from primary languages programmes to post-primary languages provision. *Belfast: NICILT.*

Comhairle na Gaelscolaíochta (2024) *Buntáistí an Ghaeoloideachais.* Ar fáil ag: https://www.comhairle.org/gaeilge/faqs/ [osclaíodh 30 Aib. 2024].

Edelenbos, P. agus Marja P. Vinjé (2000) The assessment of a foreign language at the end of primary (elementary) education. *Language Testing*, 17 (2), 144–162.

Foras na Gaeilge (2024) *Na ceanneagraíochtaí Gaeilge.* Ar fáil ag: https://www.forasnagaeilge.ie/na-ceanneagraiochtai-gaeilge/ [osclaíodh 14 Aib. 2024].

Gaelbhratach (2023) *Fúinn - Gaelbhratach.* Ar fáil ag: https://gaelbhratach.ie/fuinn/ [osclaíodh é ar 16 de mhí Aib. 2024].

Ghasemi, B. agus Hashemi, M. (2011) Foreign Language Learning During Childhood. *Procedia - Social and Behavioral Sciences*, *28*, 872–876.

Gillespie, J.H., Johnston, D. agus Ó Corráin, A. (2012) *Languages for the Future. Northern Ireland Languages Strategy.* Southampton: University of Southampton



McKendry, E. (2020) *Irish and Other languages in Northern Ireland's Education System.* Baile Átha Cliath: Gael Linn.

O'Toole, J. (2023) Identifying creative and participatory approaches to respond to existing challenges for Irish language teaching and learning at English-medium primary school level. *Irish Educational Studies*, 42 (4), 599–616.

Pan, C. (2023) The Effect of Learning a Second Language at an Early Stage. *Journal of Education, Humanities and Social Sciences*, 8, 1854–1859.

Reinders, H. agus Benson, P. (2017) Research agenda: Language learning beyond the classroom. *Language Teaching,* 50 (4), 561–578.

Scoil Spreagtha (2024) *Éileamh léirithe don scoilbhliain 2024/2025.* Ar fáil ag: https://www.facebook.com/photo?fbid=122141326814087193&set=a.122114074916087193 [osclaíodh 9 Beal 2024].

Tennyson, D. (2023) *The Irish Language in English-Medium Post-Primary Schools in Northern Ireland*. Baile Átha Cliath: Gael Linn.

The Open University Scotland (2024) *What is TELT?* Ar fáil ag: https://www5.open.ac.uk/scotland/study/courses-schools-and-educators/telt/what-telt [osclaíodh é ar 16 de mhí Aibreán 2024].

Totten, A. (2024) *Language scheme a 'win-win' for Ballyclare pupils.* Ar fáil ag: https://www.bbc.co.uk/news/articles/c9rz2gr73dgo [osclaíodh 9 Beal. 2024].

Tuaisceart Éireann Díreach (2023) *Types of school.* Ar fáil ag: https://www.nidirect.gov.uk/articles/types-school#toc-0 [osclaíodh 30 Aib. 2024].

Tá Cúpla Focal Againn

Scoil Spreagtha

7. AGUISÍN

Tá Cúpla Focal Againn

Scoil Spreagtha